2030

CORCA DHUIBHNE
DINGLE PENINSULA

Corca Dhuibhne 2030

Ár dTodhchaí Inmharthana

May 2020

Dingle HUB

NEWKD

MaREI
Energy · Climate · Marine

Science Foundation Ireland sfi For what's next

Cúlra

Tá na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus cailliúint bhithéagsúlachta, chomh maith le tábhacht mhéadaithe **Chuspóirí Forbartha Inmharthana na Náisiúin Aontaithe** tar éis aird a tharraingt ar an ngá atá ann go mbeidh gach aon duine ag déanamh a chuid chun Éire a stiúradh i dtreo todhchaí inmharthana. Mar chuid de seo beidh athrú mór ar an tslí a chaithimid ár saol laethiúil, a rithimid ár ngnónna, a mbímid ag taisteal, agus mar a mbímid ag úsáid is ag ídiú acmhainní agus fuinneamh.

Tá an t-aistriú seo tosnaithe cheana féin. Táimid ag gluaiseacht diaidh ar ndiaidh ó bheith ag úsáid fuinneamh bunaithe ar bhreoslaí iontaise (gual, íle agus gás), i dtreo foinsí inathnuaite (gaoith, griain, bithmhas, uisce); ó chairteacha peitril agus díosail go feithiclí leictreacha (FL) agus bithbhreoslaí; ó iompar príobháideach go hiompar poiblí; ó tháirgeadh pleastach aon-úsáide agus bruscar gan ghá i dtreo laghdú, athúsáid agus athchúrsáil ábhar. Táimid ag foghlam conas meas a léiriú don dúlra chun é a chaomhnú agus gearradh siar ar thruailliú. Thar aon rud eile, tá tuiscint ag teacht chughainn den athrú atá de dhíth chun go mbeimid in ann oibriú le chéile ar shlí a léiríonn meas ar an dearcadh atá ag gach cuid den bpobal.

Le bheith in ann cur leis an aistriú inmharthana seo tá ceithre eagras – **Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne, Líonraí BSL, Forbairt Chiarraí Thuaidh, Thoir agus Thiar (FCTTT), agus MaREI, Ionad Fuinnimh, Aeráid agus Mara de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEI)** tar éis teacht le chéile ar leithinis Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí. Bunaíodh an tionscnamh uaillmhianach ilpháirtí ar a nglaotar anois **Corca Dhuibhne 2030/Dingle Peninsula 2030**, go luath sa bhliain 2018.

Sprioc agus Cuspóirí

Sprioc bhunúsach **Corca Dhuibhne 2030** ná cabhrú chun todhchaí inmharthana a chruthú ar Chorca Dhuibhne.

Na príomh-chuspóirí aige ná bheith ag obair leis an bpobal áitiúil, scoileanna, gnónna agus earnáil na feirmeoireachta chun fiosrú timpeall ar na hathruithe níos leithne a bheidh ag teastáilt sa sochaí chun an aistriú go carbón íseal a dhéanamh, agus tacú chun na hathruithe sin a dhéanamh. Laistigh de seo, tá **Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne** ag obair chun deiseanna fostaíochta a aithint agus chun na coinníollacha atá riachtanach chun thodhchaí eacnamaíoch inmharthana a chruthú a bhaint amach.

Tionscadail

Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne

Le tacaíocht agus cúnamh óna phairtnéirí i Corca Dhuibhne 2030, tá Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne tar éis na tionsnaimh seo a leanas a fhorbairt:

- **Pobal Fuinneamh Inmharthana Chorca Dhuibhne (PFICD)**
- **Máistirphlean Fuinnimh** don gceantar
- Staidéar Féidearthachta do Dhíleáiteoir Anaeróbach déanta ag XD Consulting le tacaíocht ó Líonraí Gáis na hÉireann (LGE) agus Údarás na Gaeltachta trí thioscadal LECo de chuid an Aontas Eorpaigh (AE)
- i bpairtnéireacht le **Bord Oiliúna agus Traenála Chiarraí**, traenáil a chur ar fáil do dheichniúr meantóirí fuinnimh a thacóidh le daoine agus iad ag déanamh iarfheistiú ar a dtithe agus ag úsáid fuinnimh ar shlí éifeachtach
- **Haic Aeráide do scoileanna**

I láthair na huaire tá Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne ag obair ar:

- tionscnamh iompair inmharthana i gcomhpháirt le **Local Link Kerry** agus **Bus Éireann**
- bunú comharchumann áitiúil fuinnimh lena chur ar chumas an phobail infheistiú a dhéanamh i nginiúint fuinnimh inathnuaite don todhchaí, i gcomhpháirt leis na meantóirí fuinnimh, **Teagasc** agus **Cumann Feirmeoirí na hÉireann (CFE)**
- **Clár Ambasadóir Feirme** – tionscadal píolótach chun cur le hinmharthanacht agus táirgiúlacht talmhaíochta trí thacú le feirmeoirí ag dul tríd an gclaochlú digiteach, i gcomhpháirt le **Net Feasa, Teagasc** agus **Kerry Agribusiness**

Tionscadal Chorca Dhuibhne ag Líonraí BSL

Tá Líonraí BSL tar éis leithinis Chorca Dhuibhne a roghnú mar ionad i gcomhair tionscadal fíor-nuálaíoch trí-bhliana a seoladh in Aibreán 2018. Baineann an tionscadal €5 mhilliún seo le suiteáil agus úsáid réimse teicneolaíochtaí nua a chabhraíonn chun líonra aibhléise cliste, téagartha, agus ar charbón íseal a chruthú don todhchaí, leis na gnéithe seo a leanas ina gcuid de:

- Ceapadh 5 Ambasadóirí do Thionscadal Chorca Dhuibhne de chuid Líonraí BSL agus iarfheistiú iomlán ar 3 fhoirgneamh
- Suiteáil painéil gréine fótavoltacha (PV) ar 30 tigh áitiúil
- Suiteáil 20 córas bainistiú cadhnra i dtithe áitiúla faoin tionscadal Storenet. Tá 5 chóras breise le suiteáil i rith 2020
- Triail ar fheithiclí leictreacha (FL), le 15 FL páirteach, ag tosnú i 2020
- Tástáil ar Líonraí Cliste a chabhróidh chun cur le hiontaofacht agus slándáil an tsoláthair.

Cuirfidh torthaí an tionscadail seo le cumas Líonraí BSL tuiscint agus léargas a fháil a bheidh fónta agus iad i mbun líonra a chruthú is a chothabháil, líonra a éascóidh aistriú Chorca Dhuibhne go sochaí ísealcharbóin, chomh maith le léargaisí a bhaint amach a bheidh cabhrach agus an t-aistriú á dhéanamh ag an scála náisiúnta.

Projects

Forbairt Chiarraí Thuaidh, Thoir agus Thiar (FCTTT)

Tá tionscnamh Corca Dhuibhne 2030 agus na tionscadail go bhfuil cur síos orthu thuas, á dtiomáint ag riachtanaisí timpeallachta. Tá gá acu le saineolas 'barr anuas' agus infheistíocht agus, thar aon rud eile, aontacht, tacaíocht agus páirtíocht ón mbonn in airde. Tá gá le tacaíocht agus páirtíocht láidir, ghníomhach ón bpobal chun gur féidir an plean domhanda gníomhaíocht timpeallachta **Local Agenda 21** a chur i bhfeidhm i gCorca Dhuibhne, chomh maith leis na **Cuspóirí Forbartha Inmharthana** ar a bhfuil an cur chuige seo ar fad bunaithe. Ós rud é gurb é FCCTT an eagras forbartha áitiúla ar an leithinis, le struchtúir láidre áitiúil 'bonn aníos', agus Bord Stiúrthóirí idir-áisíneachta, tá FCTTT an-oiriúnach chun feidhm a bhaint as eolas an phobail agus chun cinntiú go mbíonn gníomhaíochtaí in oiriúint dá gcomhthéacs i dtreo is go mbíonn tacaíocht áitiúil acu. Cuimsíonn struchtúr pairtnéireachta FCTTT ionchur díreach agus neamh-dhíreach páirtithe leasmhara eile, idir pairtnéirí sóisialta agus roinnt comhlachtaí reachtúla. Anuas ar sin, is féidir le FCTTT cur leis an bhforbairt trí chórais ar nós **LEADER** chun ionchur suntasach a dhéanamh.

Tá **FCTTT**, an Dr. Breandán O'Keefe agus MaREI tar éis tabhairt faoi fhorbairt próifíl soch-eacnamaíoch do Chorca Dhuibhne chun gur féidir leis an bpobal aghaidh a thabhairt na dúshláin shóisialta, timpeallachta agus eacnamaíocha gur ghá dóibh, agus chun cabhrú leo pleanáil dá riachtanaisí amach anseo, anuas ar fhorbairt a dhéanamh ar phlean fianaise-bhunaithe d'fhorbairt inmharthana an cheantair. I rith 2019/2020 reachtáladh sraith de chruinnithe comhairliúcháin phoiblí ar an leithinis chun féachaint conas is fearr pobail a fhorbairt is a fhás ar bhealach a bheidh indéanta go heacnamaíoch, a bheidh forásach ó thaobh cúrsaí sóisialta, agus a bheidh inmharthana ó thaobh na timpeallachta. Iarradh ar rannpháirtithe todhchaí ar ísealcharbón a shamhlú dá gceantar agus machnamh a dhéanamh ar na hathruithe a bheidh riachtanach timpeall ar an gcóras fuinnimh. Táthar chun cruinnithe iarchúraim a reachtáil leis na pobail i rith 2020.

Imeachtaí Bunú Caidrimh

Bíonn foireann Corca Dhuibhne 2030 i láthair ar bhonn gníomhach ag na féilte agus imeachtaí poiblí iomadúla a reachtáltar go bliantúil ar fud an cheantair agus bíonn cumarsáid ag baill foirne le scoileanna, grúpaí pobail agus na meáin áitiúla. Tá obair leanúnach ar siúil leis na meánscoileanna áitiúla, ina measc sraith de 'Haiceanna Aeráide'. Tá clár mór faoin teideal 'Gríosaigh an Saoránach Fuinnimh', dírithe ar chumarsáid, oideachas agus imeachtaí for-rochtana, go bhfuil maoiniú ceadaithe dó ag 'Discover Call' de chuid Fhondúracht Eolaíochta na hÉireann (FEE).

MaREI - Taighde Gafa ar Athrú Aeráide

Tá grúpa taighdeoirí ó Ionad MaREI de chuid FEE ag UCC i mbun taighde ghafa, ag soláthar treoiriú agus tacaíocht, ag fiosrú an cumarsáid idir ghrúpaí 'barr anuas' agus 'bonn aníos' de phairtithe leasmhara, agus ag aithint slite chun fís d'ár gcóras fuinnimh don todhchaí a mhúnlú ar bhonn comhoibritheach. I measc bhaill na foirne tá saineolaí ar pháirtíocht phobal agus beirt taighdeoirí dochtúireachta i mbun taighde ghafa i leith na ngnéithe teicniúla, sóisialta agus eacnamaíocha den aistriú, chomh maith leis an gcomhoibriú il-phairtí. Ghlac MaREI ceannasaíocht ar roinnt tionscnamh tábhachtach:

- Ag déanamh amach meá fuinnimh don leithinis agus na hastaíochtaí CO_2 bainteach leis, a bhí ina mbonn do Mháistirphlean fuinnimh Corca Dhuibhne 2030
- Eagrú 'Haic Aeráide' a ritheadh sna meánscoileanna ar fud na leithinse mar chuid de Sheachtain Eolaíochta 2019, ag lorg tuairimí mac léinn maidir leis an ngníomhaíocht aeráide
- Ag forbairt roinnt cásanna féideartha de thodhchaí aistriú an chórais fuinnimh go córas ar ísealcharbón, ag tarraingt ar na cruinnithe pobail a reachtáladh i gcomhpháirt le FCTTT agus an Dr. Breandán O'Keefe
- Ag forbairt grúpa páirtithe leasmhara Corca Dhuibhne 2030agus ag éascú cruinnithe rialta
- Ag tabhairt faoi mapáil eagrais atá ina bpáirtithe leasmhara bainteach leis an aistriú fuinnimh ar an leithinis agus níos faide i gcéin
- Ag déanamh monatóireacht agus measúnú ar phróiseas an aistrithe atá ag teacht as clár na nAm basadóirí Fuinnimh de chuid Líonraí BSL agus tionscnaimh eile de chuid Corca Dhuibhne 2030



Tá MaREI ag déanamh taifead agus measúnú ar an méid atáthar ag foghlam ó thionscnamh Corca Dhuibhne 2030 in altanna irise, in achoimrí foghlama, agus i gcás-staidéar a chuirfear ar fáil don bpobal le súil go mbeidh sé cabhrach ó thaobh cumarsáid idir eagrais phoiblí agus pobail, agus ó thaobh gníomhaíocht aeráide agus polasaí gníomhaíocht aeráide amach anseo.

MaREI - Tionchar Feithiclí Leictreacha, pumpaí teasa agus Painéil ghréine FV ar an líonra aibhléise

Tá taighdeoirí de chuid MaREI ag comhoibriú le Líonraí BSL agus an **Electric Power Research Institute (EPRI)** ar shamhaltú líonraí aibhléise meán-voltacha agus íseal-voltacha do leithinis Chorca Dhuibhne chomh maith. Tá an taighde seo ina chuid de thionscadal níos mó, **CREDENCE**, atá maoinithe ag an **US-Ireland partnership programme** go bhfuil taighdeoirí ó SAM, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann araon páirteach ann. Úsáideann an taighde ar Chorca Dhuibhne cur chuige mórshonrach chun samhaltaí sofaisticiúla ríomhaire de líonraí dáiliúcháin aibhléise ar scála ard a fhorbairt. Táthar ag forbairt cur chuige uathoibrithe a chruthóidh samhaltaí fíorshonracha de líonraí aibhléise meán-voltacha agus íseal-voltacha as Córais Faisnéise Tíreolaíocha (CFT) agus bunachar sonraí Líonraí BSL. Éascóidh seo anailís níos tapúla agus níos cruinne ar líonraí dáiliúcháin chliste le feithiclí leictreacha, pumpaí teasa, giniúint áitiúil inathnuaite agus cadhnraí. Táthar ag súil go n-úsáidfear an taighde seo, forbartha ag baint feidhm as líonra aibhléise Chorca Dhuibhne mar chás-staidéar, chun feabhas a chur ar dhea-chleachtas fad is a bhíonn líonraí nua á bpleanáil agus á mbainistiú amach anseo ar fud na hÉireann.